NETWORKS

Deireadh Fómhair 2023

## A Phríomhoide/a Mhúinteoir,

**Tá comórtas póstaer ESB Networks, Fan Slán, Fan Amach ar ais! Bhí lúcháir orainn nuair a chuir an scoil agaibhse isteach in 2021 agus ba mhaith linn cuireadh a chur oraibh cur isteach arís air i mbliana.**

Ag ESB Networks, tugaimid leictreachas isteach i dtithe, scoileanna agus pobail ar fud na hÉireann. Tá an leictreachas cumhachtach ach is féidir é a bheith contúirteach freisin agus sin an fáth ar mhaith linn leanúint dár gclár chun daoine a spreagadh le bheith sábháilte ó thaobh an leictreachais de. Bealach spraíúil cruthaitheach is ea an clár Fan Slán, Fan Amach againn chun daltaí ó na Naíonáin Shóisearacha aníos go dtí Rang 6 a theagasc faoi na buntáistí a bhaineann leis an leictreachas agus faoi conas a bheith sábháilte agus iad thart timpeall air.

## Tá a fhios agaibh an chraic – tá sé éasca cur isteach air agus ní thógfaidh sé i bhfad!

1. **Foghlaim faoi na Sé Nod Sábháilteachta:**
   Féach ar an bpóstaer '6 Nod Sábháilteachta' don seomra ranga atá ag gabháil leis an litir seo agus cuir in airde é sa chaoi is go bhfeicfidh gach duine é.
   Déan an cód QR a scanadh chun ár suíomh gréasáin a fhiosrú! Is féidir breathnú ar ár bhfíseán freisin mar a bhféadfaidh tú canadh in éineacht leis an amhrán 'Stay Safe, Stay Clear' nó triail a bhaint as an gcluiche 'Match 3' in éineacht le Sparky róbat!

2. **Pleananna Ceachta atá ar Fáil:**
   Tá pleananna ceachta agus leathanaigh oibre ar fáil againn do dhaltaí Sóisearacha (Naíonáin – Rang 2) agus Sinsearacha (Rang 3 – Rang 6), agus iad go léir deartha thart ar aonaid agus cuspóirí na snáithí curaclaim: **www.esbnetworks.ie/education** D'fhéadfadh sibh bhur gcuid foghlama a thabhairt céim eile chun cinn i mbliana trí thairbhe a bhaint as ár gcuid áiseanna teagaisc.

3. **Déanaigí bhur bPóstaeir!**
   Spreag na daltaí chun póstaer iontach a dhéanamh dúinn faoi cheann de na 6 Nod Sábháilteachta atá ag ESB Networks.

4. **Seol na Póstaeir chuig:**
   **staysafestayclear@realnation.ie**
   nó
   **Fan Slán, Fan Amach le ESB Networks, Real Nation, 24 Cé Arann, Baile Átha Cliath 7, D07 W620**
   (Féach cúl na litreach le haghaidh foirm iontrála)

**Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas ná an 1ú Nollaig 2023**

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le: **01 522 4852** nó **staysafestayclear@realnation.ie**

## Cuirigí isteach ar an gcomórtas agus beidh seans agaibh ar dhuais!

- Roinnfear duaischiste de **€3,000** idir buaiteoirí réigiúnacha agus buaiteoirí náisiúnta
- Gach múinteoir a chuirfidh isteach ar an gcomórtas, cuirfear é nó í isteach i dtarraingt i gcomhair Dearbhán One4All ar fiú **€250** é
- Na póstaeir a n-éireoidh leo, beidh siad le feiceáil mar chuid **d'fheachtas sábháilteachta an earraigh de chuid ESB Networks**

Is mise, le meas,

Bainisteoir Sábháilteachta Poiblí
ESB Networks




Más mian leat an bealach a bhfaigheann tú eolas uainne a athrú, an cineál eolais a fhaigheann tú a athrú nó más mian leat gan aon eolas a fháil uainn, d'iarrfaimis ort teagmháil a dhéanamh leis an oifig tionscadal ar **01 522 4852** nó trí rphost ag **staysafestayclear@realnation.ie**

Fan Slán, Fan Amach le ESB Networks, Real Nation, 24 Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 W620
**Teil:** 01 522 4852 **Facs:** 01 522 4809 **Ríomhphost:** staysafestayclear@realnation.ie

ESB NETWORKS

# Comórtas Póstaer 'Fan Slán, Fan Amach'

## Foirm Iontrála (foirm amháin le haghaidh gach dalta)

**Ainm an Dalta:**

**Rang:**

**Ainm na Scoile:**

**Uimhir Rolla:**

**Seoladh na Scoile:**

***Ríomhphost Scoile:**

***Uimhir ghutháin na scoile:**

**Ainm an Mhúinteora:**

**Seoladh Ríomhphoist an Mhúinteora:**

**Uimhir ghutháin an Mhúinteora:**

**Ráiteas Príobháideachais:** Bainfear úsáid as aneolas a thugtar mar chuid den fhoirm chlárúcháin seo chun an clár Fan Slán Fan Amach a riar amháin agus coinneofar agus bainfear úsáid aisti chun na críche sin amháin. Déanaimid do chuid faisnéise a chomhroinnt le Real Event Management Ltd chun an clár a bhainistiú, chomh maith le Zoological chun buaiteoirí an chomórtais a chur chun cinn ar na meáin shóisialta. Déánfar d'fhaisnéis a stóráil ar feadh tréimhse bliana tar éis don Chlár Fan Slán Fan Amach. Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar do shonraí, iad a leasú nó a scriosadh. Tríd an bhfoirm seo a chur isteach, toilíonn tú do shonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a roinnt mar a mhínítear thuas. Má tá imní ort nó ceisteanna agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag **staysafestayclear@realnation.ie.**

**Toiliú:** Tríd an bhfoirm seo a chur isteach, toilíonn tú do shonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a chomhroinnt chun na gcríoch atá leagtha amach sa ráiteas thuas.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin dóigh a ndéanaimid sonraí pearsanta a phróiseáil agus chun do chearta a thuiscint, téigh chuig **https://www.esbnetworks.ie/privacy-notice-and-cookie-policy**

☐ Cuir tic sa bhosca le clárú do liosta seachadta Fan Slán, Fan Amach chun nuashonruithe faoin gclár agus eolas breise a fháil.




**Síniú an Mhúinteora**

Fan Slán, Fan Amach le ESB Networks, Real Nation, 24 Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 W620
**Teil:** 01 522 4852 **Facs:** 01 522 4809 **Ríomhphost:** staysafestayclear@realnation.ie